



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Scéim Sparánachtaí an Ollaimh William C Campbell 2019
(do scoláirí as scoileanna DEIS)

Clár an Ábhair

1. Réamhrá

2. Riachtanais Cháilitheachta

3. An tOrd Fiúntais

4. Tairiscintí Sparánachta

5. Coinníollacha a bhaineann le Tairiscintí sparánachta

6. Luach na sparánachtaí

7. Íocaíocht na sparánachtaí

8. Athnuachan na sparánachtaí

9. Easaontais a Shocrú

1. Réamhrá

Bunaíodh an Scéim Sparánachtaí seo do scoláirí a n-éiríonn thar cionn leo san Ardteistiméireacht a thagann as cúlraí faoi mhíbhuntáiste.

Glaofar Sparánacht an Ollaimh William C Campbell ar an sparánacht. Bronnfar an sparánacht seo ar scoláire incháilithe a rinne staidéar ar dhá ábhar eolaíochta ar a laghad san Ardteistiméireacht agus a rinne iarratas ar staidéar a dhéanamh ar chúrsa faofa ina mbeidh bunchéim sa Zó-eolaíocht, Leigheas, Fiseolaíocht nó sna hEolaíochtaí Bithleighis ag an leibhéal fochéime in Institiúid Ardoideachais faofa.

Tá na cúrsaí tríú leibhéal atá faofa chun críche na scéime sparánachtaí seo leagtha amach in Aguisín I

2. Riachtanais Cháilitheachta

Scéim Sparánachtaí Tríú Leibhéal

Is gá iarratais a dhéanamh le bheith curtha san áireamh sa Scéim Sparánachtaí. Le bheith incháilithe ní mór d'iarrthóir tar éis a bheith ag freastal ar scoil DEIS agus bheith rannpháirteach i gclár na hArdteistiméireachta sa scoil sin, tar éis staidéar a dhéanamh in dhá ábhar eolaíochta atá comhairthe chun críche CAO, agus ní mór bitheolaíocht a bheith mar ábhar amháin agus ní mó dó/di a bheith aitheanta mar dhuine as cúlra faoi mhíbhuntáiste ar bhonn eacnamaíoch. Mar fhianaise dá leithéid, ní mór díolúine a bheith aige/aici ó tháille scrúdú na hArdteistiméireachta a íoc. Measfar iarrthóir incháilithe a chomhlíonann na critéir seo a leanas a bheith incháilithe don scéim Sparánachtaí seo. Iarrthóirí den chéad uair i mbun Ardteistiméireacht 2019, a fhaigheann Grád GL6 (O6) nó grád níos airde i gcúig ábhar ar a laghad den liosta faofa d'ábhair, (mar atá leagtha amach sna Rialacha agus sa Chlár d'Iarbhunscoileanna).

Chomh maith leis na riachtanais cháilitheachta atá leagtha amach thuas ní mór go mbeadh glactha le scoláire ar chúrsa faofa sna réimsí Zó-eolaíochta, Leighis, Fiseolaíochta nó Eolaíochtaí Leighis.

Ní mór do gach iarrthóir foirm iarratais chomhlánaithe a chur isteach agus fianaise a chur ar fáil ón CAO gur chuir sé/sí iarratas isteach ar chúrsa Zó-eolaíochta, Leighis, Fiseolaíochta nó Eolaíochtaí Bithleighis mar a c(h)éad rogha.

Déanfar cúrsaí tríú leibhéal de thréimhse ama ceithre bliana nó níos mó a mheas, atá ar an liosta mar Zó-eolaíocht, Leigheas, Fiseolaíocht nó Eolaíochtaí Bithleighis ar nasc thairseach na ngairmeacha agus atá á ndéanamh ag Institiúid Ardoideachais a fhaigheann maoiniú poiblí.

Le sparánacht a fháil ní mór go mbeadh glactha le scoláire ar chúrsa nó go mbeadh scoláire ag freastal ar chúrsa a chomhlíonann na critéir seo.

3. An tOrd Fiúntais

Bronnfar sparánachtaí an Ollaimh William C Campbell ar an iarrthóir incháilithe a rinne iarratas a chomhlíonann critéir an chúrsa fhaofa mar atá leagtha amach thuas, agus a bhfuil líon na marcanna is airde acu ina bpáipéir scrúdaithe in dhá cheann d'ábhair eolaíochta a dhéantar a chomhaireamh chun críche CAO, agus ní mór go mbeadh bitheolaíocht mar cheann amháin díobh. Sa chás go bhfuil beirt iarrthóirí nó níos mó á meas a bhfuil ag an gcaighdeán céanna déanfar an t-ord fiúntais a shocrú ach breathnú ar conas a d'éirigh leis an iarrthóir sna sé hábhar is fearr. Má bhíonn iomlán na marcanna a bhaineann beirt iarrthóirí nó níos mó amach fós mar an gcéanna, déanfar an t-ord fiúntais a shocrú ach breathnú ar conas a d'éirigh leis na hiarrthóirí ina n-ábhar is fearr.

4. Tairiscintí Sparánachta

Cuirfear buaiteoir na Sparánachta ar an eolas a luaithe agus is féidir tar éis torthaí Ardteistiméireacht 2019 a eisiúint.

Ní mór don iarrthóir a n-éiríonn leis/léi glacadh leis an tairiscint sparánachta i dtaca leis an gcúrsa faofa don bhliain acadúil 2019/2020 nó rachaidh an tairiscint in éag. Is féidir an sparánacht a chur siar ar feadh bliain acadúil amháin agus ar feadh na tréimhse sin amháin agus cead i scríbhinn a bheith faighte ón Aire Oideachais agus Scileanna. Ní mór iarratas a dhéanamh leis an sparánacht a chur siar nuair a ghlacktar leis an tairiscint sparánachta.

Braitheann aon tairiscint sparánachta ar an eolas a bheith ionraic agus cruinn agus ar an iarrthóir ag comhlíonadh choinníollacha na scéime. Forchoimeádtar an ceart tairiscint a tharraingt siar, mar thoradh ar aon earráid a bheith san eolas a thugann an t-iarrthóir.

5. Coinníollacha a bhaineann le Tairiscintí sparánachta

Ní bhronnfar an sparánacht ach amháin i dtaca le freastal ar chúrsa faofa in institiúid fhaofa, agus ar feadh gnáth-thréimhse de chúrsa fochéime faofa amháin suas go dtí tréimhse cúig bliana ar a mhéad.

Beifear ag súil go gcomhlíonfaidh daoine a mbíonn sparánachtaí acu na rialacháin a bhaineann lena gcoláiste/institiúid agus le dul i mbun scrúdaithe gach téarma nó aon scrúdú eile a bhíonn socraithe ag na húdaráis dá gcoláiste/institiúid dá gcúrsa.

Beidh scoláire a mbronntar sparánachtaí orthu i dteideal iarratas a dhéanamh ar dheontais mhic léinn freisin i dtreo chostas na cothabhála agus ionchur nó táillí na mac léinn.

Ní bheidh cead ag duine a bhfuil sparánacht aige/aici

- (i) deontas/scoláireacht bronnta ón Roinn Oideachais agus Scileanna a bheith aige/aici;
- (ii) aon dámhachtain eile iníoctha ag comhlacht poiblí a bheith aige/aici; nó
- (iii) a chomhionann i mBallstát eile de chuid an AE a bheith aige/aici.
- (iv) Dámhachtain Scoláireachta Uile-Éireann a bheith aige/aici

Sa treoir thuas ní chlúdaítear dámhachtainí ar nós scoláireachtaí, duaiseanna nó sparánachtaí a bhronnann an institiúid a bhfuiltear ag freastal uirthi ná dámhachtainí faoi

Scoláireachtaí Rialtas na hÉireann sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta nó deontais iarchéime um thaighde, áit nach dtéann an deontas thar méid áirithe, atá sonraithe mar €16,000 don bhliain 2019/2020.

Sa treoir thuas ní chlúdaítear dámhachtainí ar iarrthóirí faoin gCiste Chúnaimh do Mhic Léinn ná faoin gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas.

Beidh sé mar choinníoll le sparánacht a bheith bronnta faoin scéim seo go dtugann an t-iarrthóir údarás don Roinn Oideachais agus Scileanna eolas maidir le dámhachtain na sparánachta a aistriú go dtí bunachar sonraí lárnach de dhaoine a bhfuil deontais acu ar féidir rochtain a dhéanamh air tríd seo a leanas – Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI), an t-aonad íocaíochta ainmnithe laistigh de BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Coimirce Sóisialaí.

6. Luach na sparánachtaí

Bíonn luach bliantúil na sparánachta i gcomhréir leis na rátaí a shonraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna. Is é an tsuim do Sparánacht an Ollaimh William C Campbell don bhliain acadúil 2019/20 ná €5,000.

7. Íocaíocht na sparánachtaí

Íocfar an sparánacht mar íocaíocht amháin a luaithe agus a fhaigheann an coláiste/institiúid deimhniú go bhfuil na mic léinn cláraithe agus go bhfuil siad ag freastal ar chúrsa faofa.

Déanfar an íocaíocht isteach i gcuntas bainc de chuid na hÉireann an mhic léinn.

8. Athnuachan na sparánachtaí

Déanfar athnuachan ar sparánachtaí nuair a fhaightear foirm athnuachana ón iarrthóir agus nuair a dheimhníonn an coláiste go ndearna an duine a bhfuil an sparánacht aige/aici dul chun cinn go dtí an chéad bhliain eile den chúrsa, faoi réir gnáth-thréimhse ama an chúrsa fhaofa.

Féadfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna deireadh a chur le luach sparánachta nó é a íslíú, ag am ar bith gan aon fhógra, áit a bhfaightear tuairisc neamhfhabhrach faoin duine a bhfuil sparánacht aige/aici ó údarás an choláiste/na hinstitiúide iomchuí.

Ní féidir sparánachtaí a íoc i dtaca leis an dara tréimhse de bheith ag freastal ar chúrsa ag an leibhéal céanna de chúrsa atá faofa chun críche na scéime sparánachta seo. Féadfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna an riail seo a leagan ar leataobh i gcásanna eisceachtúla ar nós drochthinneas deimhnithe.

Ní mór duine a bhfuil sparánacht aige/aici, ar mian leis/léi le linn a c(h)uid staidéar, cúrsa nó dámh a athrú nó a sparánacht a chur siar ar feadh bliain acadúil amháin agus don tréimhse sin amháin, cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón Aire Oideachais agus Scileanna.

9. Easaontais a Shocrú

Déanfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna cinneadh a dhéanamh maidir le haon cheist nó easaontas a thagann aníos maidir le tuiscint nó léamh na scéime seo agus is aige/aici a bheidh an cinneadh deiridh.

Aguisín I

Cúrsaí Faofa – Scéim Sparánachtaí 2019

Fochéim

Cúrsa fochéime **lánaimseartha**:-

- (a) a ghlacann nach lú ná **ceithre bliana** le cur i gcrích.
- (b) ina mbronntar dámhachtain mhór ardoideachais agus oiliúna ar mhac léinn nuair a chuireann sé/sí a c(h)úrsa i gcrích, atá mar cháilíocht aitheanta de bhun chreatlach na gcáilíochtaí, agus
- (c) atá curtha ar fáil ag ceann amháin de na hinstiúidí faofa atá ar an liosta i **gcuid A** den Sceideal a ghabhann leis an Aguisín seo, agus

nó

Cúrsa fochéime:-

- (a) a ghlacann nach lú ná **ceithre bliana** le cur i gcrích.
- (b) ina mbronntar dámhachtain mhór ardoideachais agus oiliúna ar mhac léinn nuair a chuireann sé/sí a c(h)úrsa i gcrích, atá mar cháilíocht aitheanta de bhun chreatlach na gcáilíochtaí, agus
- (c) atá ar an liosta i **gcuid B** den Sceideal a ghabhann leis an Aguisín seo, in éineacht leis an instiúid fhaofa a gcuireann é ar fáil, **nó** atá curtha ar fáil ag instiúid oideachais a chuireann ardoideachas agus oiliúint ar fáil atá lonnaithe i mballstát seachas an Stát atá á gcothabháil nó a fhaigheann cúnamh de bharr deontas a fhaightear arís is arís eile ó chistí poiblí an Stáit sin nó d'aon Ballstát eile, an Stát san áireamh.

Sceideal

Cuid A

Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath
Ollscoil na hÉireann, Corcaigh
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Ollscoil Luimnigh

Cuid B

Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

I dtaca le na cúrsaí fochéime seo a leanas:

- Céim NUI de MB(Onóracha), BCH, BAO, LRCP, SI [5 bliana]
- Céim NUI de MB (Onóracha), BCH, BAO, LRCP, SI [6 bliana]